**Micilín agus an Luch**

Fadó, bhí seanfhear darbh ainm Micilín ina chónaí i mbráca beag tí ag bun cnoic. Bhí sé uaigneach, aonarach agus gach aon oíche sara dtéadh sé a chodladh, thógadh sé cúpla bolgam uisce beatha chun misneach a thabhairt do féin. Bhí sé, fé mar a deirim, brónach, uaigneach agus bhíodh an cúpla bolgam aige gach aon oíche.

Tar éis tamaill, bhí an t-aos ag breith ar an bhfear bocht, na cnámha á leaghadh agus ag crapadh agus nuair a bhíodh sé ag cur an braoinín as an mbuidéal insa ghloine, gan dabht, thiteadh deoir bheag anois is arís ar an urlár. Tar éis tamaill, thug sé fé ndeara go dtagadh luch amach as poll a bhí sa bhfalla agus thagadh sí agus leadhbeadh sí an braoinín a bhí titithe ar an urlár uaidh.



Bhí an scéal mar sin ó am go ham, agus bhí an luch ag fáil níos dáine, agus an braoinín ag dul síos léi, agus oíche amháin tháinig sí amach agus d'ól sí siar an braoinín a bhí titithe ar an urlár, agus chuir sí a dá lapa anuas ar ghlúin Mhicilín agus ar sise,

"Cá bhfuil an cat san a bhí ar mo thóir-se inné?"

Bhí an oiread san misnigh tugtha ag an mbraoinín dí dhi. Sin í an uair a thuig Micilín go raibh an braoinín ag tabhairt misnigh do féin chomh maith.